Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta

9

acmhainn do bhliain 9

Curaclam
Thuaisceart Éireann

an fachtóir WOW

Aonad a Trí
Na Chéad Chéimeanna

an fachtóir WOW

Clár Ábhair

Léargas Ginearálta ar an Aonad 3

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc taobh istigh den Aonad seo 5

Theme 1	Gairmeacha ag Athrú	6
Theme 2	Caitheamh Aimsire, Suimeanna agus Gairmeacha	7
Theme 3	Mise, Mise, Mise	8
Theme 4	Foghlaim – Próiseas Fad Saoil	9
Theme 5	Na Chéad Chéimeanna – Próifíl Phearsanta	10

Áiseanna

Suímh Idirlín Úsáideacha

an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta 9 acmhainn do bhliain 9

Aidhm

San aonad seo, déanann na daltaí measúnú ar a gcuid scileanna agus gnóthachtála pearsanta. Fiosraíonn siad réimsí a bhfuil suim acu iontu agus deiseanna post a bhaineann leo. Imscrúdaíonn siad coincheap na gairme atá ag athrú.

Léargas Ginearálta ar an Aonad

Mapáilte chuig na Ceanglais Reachtúla

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas na ndaltaí:

- a gcuid scileanna agus gnóthachtála pearsanta go nuige seo a mheas, réimsí suime a shainaithint agus spriocanna a leagan síos le haghaidh féinfheabhsaithe;
- coincheap na gairme atá ag athrú a fhiosrú; agus
- a gcuid scileanna láithreoireachta agus féinmhargaíochta a chleachtadh.

Spriocanna Foghlama

Foghlaimíonn Daltaí:

- go bhfuil sé tábhachtach measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid scileanna agus gnóthachtála;
- go dtig le suimeanna agus caitheamh aimsire tionchar a imirt ar roghanna gairmeacha;
- go bhfuil sé tábhachtach a bpróifíl leithleach féin a aithint;
- go bhfuil aistriú ann ón tuairim go maireann gairm ar feadh an tsaoil; agus
- go bhfuil foghlaim ar feadh an tsaoil tábhachtach.

Critéir Ratha

Ag deireadh an aonaid seo:

- beidh na daltaí ábalta roinnt dá gcuid láidreachtaí agus laigí a shainaithint;
- beidh a fhios acu go dtig le caitheamh aimsire nó suimeanna tionchar a imirt ar roghanna gairmeacha;
- beidh a fhios acu go dtig le daoine cuid mhór athruithe gairme a bheith acu;
- aithneoidh siad go bhfuil buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le gairm a athrú; agus
- beidh siad feasach ar féinmhargaíocht.

Fócas ar Scileanna Infhostaitheachta

Ligeann an t-aonad seo do dhaltaí scileanna a fhorbairt a chomhlíonann ceanglais reachtúla an churaclaim athbhreithnithe ag Eochairchéim 3. Tugtar breac-chuntas thíos ar an fhócas atá taobh istigh den aonad seo:

Féinbhainistiú

- Cineálacha foghlama a bhfuiltear páirteach iontu a shainaithint.
- Tuilleadh neamhspleáchais a thaispeáint maidir le spriocanna pearsanta a leagan síos agus oibriú ina dtreo.
- Bheith feasach ar an áit ata ag an fhoghlaim sa 'phictiúr mhór'.

Buncheisteanna

Síos tríd an aonad seo, spreag na daltaí amharc ar na ceisteanna seo a leanas:

- *An maireann post ar feadh an tsaoil?*
- *Cad iad mo chuid scileanna agus gnóthachtála pearsanta?*

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!
Ag roinnt spriocanna foghlama agus critéar ratha

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!
Buncheisteanna éifeachtacha



Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc san Aonad seo

Téama 1
Gairmeacha ag Athrú

Imscrúdaíonn na daltaí coincheap na gairme atá ag athrú agus an dóigh a bhfuil sé ag bogadh ar shiúl ón tuairim go maireann post ar feadh an tsaoil.

Téama 2
Caitheamh Aimsire, Suimeanna agus Gairmeacha

Fiosraíonn na daltaí cad é mar a thiocfadh le caitheamh aimsire agus réimsí suime pearsanta tionchar a imirt ar a gcuid roghanna gairme amach anseo.

Téama 3
Mise, Mise, Mise

Déanann na daltaí measúnú ar a gcuid scileanna pearsanta agus sainaithníonn siad réimsí le haghaidh féinfheabhsaithe.

Téama 4
Foghlaim – Próiseas Fad Saoil

Fiosraíonn na daltaí an tábhacht atá le foghlaim fad saoil agus an fáth a bhfuil sé riachtanach i bpleanáil gairmeacha.

Téama 5
Na Chéad Chéimeanna – Próifíl Phearsanta

Forbraíonn na daltaí a bpróifíl phearsanta mar réamhléiriú ar féinmhargaíocht.

Téama 1
Gairmeacha ag Athrú

Imscrúdaíonn na daltaí coincheap na gairme atá ag athrú agus an dóigh a bhfuil sé ag imeacht ón tuairim go maireann post ar feadh an tsaoil.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!
Ag soláthar am smaoinimh
Ceisteanna éifeachtacha
Ag úsáid leidráiteas

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *An mBaineann Gairm Fad do Shaoil? Cás-staidéir* (Áis 1)
- Lipéid ghreamaitheacha

Gníomhaíocht 1
Scríobh an cheist seo a leanas ar an chlár nó ar smeach-chairt: *Cad é a chiallaíonn an téarma gairm duit?* Tabhair cuireadh don rang ransú smaointe a dhéanamh ar roinnt freagraí. Scríobh freagairtí na ndaltaí ar an chlár nó ar smeach-chairt. Ansin, iarr ar na daltaí a gcuid freagraí a chur i gcomparáid leis an sainmhíniú seo a leanas ar ghairm: *Proifisiún nó post tofa*. Mínigh don rang go bhfuil siad ag dul a úsáid cur chuige Smaoinigh-Péireáil-Roinn leis na critéir ratha a fhorbairt a bhaineann le gairm mhaith.

Iarr ar na daltaí smaoineamh ar dhá fhachtóir a chuireann le gairm rathúil. Ansin, eagraigh an rang ina mbeirteanna. Cuir cuireadh orthu aontú ar dhá chritéar ratha eile do ghairm mhaith. Iarr ar na beirteanna grúpa a dhéanamh le beirt eile. Tabhair cuireadh do na grúpaí nuachumtha a gcuid critéar ratha a roinnt ar a chéile. Ansin, tabhair cuireadh dóibh aontú ar na trí bharrchritéar ratha. Cuir cuireadh ar thuairisceoir ó gach grúpa na trí bharrchritéar atá acu a chur i láthair agus a chosaint. Taifead na critéir ratha do ghairm mhaith agus taispeáin sa seomra ranga é. Ag an deireadh, tabhair cuireadh don rang an cheist seo a leanas a fhreagairt:
- Cad é mar a thiocfadh leis an liosta de na critéir ratha cuidiú leat agus tú ag tosú a smaoineamh ar ghairm?

Gníomhaíocht 2
Taispeáin an ráiteas seo a leanas ar an chlár nó ar smeach-chairt: Maireann gairm ar feadh an tsaoil. Tabhair roinnt ama don rang smaoineamh faoin ráiteas seo. Iarr orthu vótáil ar cé acu a aontaíonn siad leis nó nach n-aontaíonn. Mínigh don rang go mbeadh an ceart acu siúd a vótáil 'aontaímid' dá mbeadh siad beo roimh na 1960í nó na 1970í. Sa lá atá inniu ann, áfach, athraíonn go leor daoine a ngairmeacha. Mar rang, déan ransú smaointe ar roinnt fáthanna leis seo. Scríobh freagairtí na ndaltaí ar an chlár nó ar smeach-chairt. I measc na bhfáthanna bheadh b'fhéidir:
- rinne siad an rogha chontráilte ghairme;
- rinneadh iomarcach iad;
- bhí athrú de dhíth orthu;
- ní raibh an post reatha dúshlánach;
- tá daoine níos toilteanaí poist a athrú; agus/nó
- tig leo scileanna inaistrithe a ghnóthú/tá siad acu.

Eagraigh na daltaí i ngrúpaí de chúigear nó de sheisear daltaí. Tabhair cóip den áis *An mBaineann Gairm Fad do Shaoil? Cás-staidéir* agus roinnt lipéad greamaitheach do gach grúpa. Iarr orthu buntáiste nó míbhuntáiste de bheith ag athrú gairme a scríobh ar gach lipéad.
Ar an chlár nó ar smeach-chairt, cruthaigh dhá cholún dar teideal:
- Na buntáistí a bhaineann le gairm a athrú; agus
- Na míbhuntáistí a bhaineann le gairm a athrú.

Iarr ar thuairisceoir ó gach grúpa a gcuid lipéad greamaitheach a chur ar an chlár nó ar an smeach-chairt faoin cheannteideal chuí. Tabhair cuireadh do na daltaí amharc orthu agus smaoineamh faoi na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gairm a athrú.

Gníomhaíocht 3 – Deis Sínte
Cuir cuireadh ar aoichainteoir teacht le labhairt leis an rang faoina shlí bheatha. Iarr ar na daltaí na critéir ratha a bhaineann le gairm mhaith a úsáid le ceisteanna a fhorbairt le cur ar an aoichainteoir.

Iarr ar na daltaí taighde a dhéanamh ar phost a bhfuil suim acu ann le fáil amach an mbaineann na critéir ratha le hábhar. Tabhair rochtain ar an idirlíon, ar bhogearraí mar JED, Pathfinder agus/nó Odyssey, irisí, bileoga agus nuachtáin dóibh leis an taighde a dhéanamh.

Téama 2

Caitheamh Aimsire, Suimeanna agus Gairmeacha

Fiosraíonn na daltaí cad é mar a thiocfadh le caitheamh aimsire agus réimsí suime pearsanta tionchar a imirt ar a gcuid roghanna gairme amach anseo.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- Páipéar smeach-chairte
- Marcóirí daite

Gníomhaíocht 1

Tabhair cuireadh do na daltaí smaoineamh faoi chaitheamh aimsire dá gcuid. Mol dóibh smaoineamh faoi na scileanna is féidir a fhorbairt, mar shampla cumarsáid, obair bhuíne, bainistíocht ama nó réiteach fadhbanna. Iarr orthu amharc ar an fhéidearthacht a bheadh ann caitheamh aimsire a fhorbairt ina ngairm. Mar rang, déan ransú smaointe agus taifead an oiread caitheamh aimsire agus is féidir.

Eagraigh an rang i gcúig nó i sé ghrúpa. Dáil bileog pháipéir smeach-chairte agus marcóir daite ar gach grúpa. Mar mhalairt air seo, lig dóibh caitheamh aimsire a roghnú. Cuir cuireadh ar gach grúpa an oiread féidearthachtaí poist a liostú agus is féidir a dhíorthú ón chaitheamh aimsire acu. Mol do na daltaí bheith cruthaitheach. Tabhair cuireadh do thuairisceoir ó gach grúpa a gcuid smaointe a roinnt leis an chuid eile den rang.

Ag deireadh na gníomhaíochta, iarr ar na daltaí smaoineamh faoi na ceisteanna seo a leanas:
- An bhfuil aithne agat ar dhuine éigin a rinne gairm nó gnó as caitheamh aimsire?
- An raibh iontas ort faoin oiread post a bhí tú ábalta a ghiniúint ó chaitheamh aimsire?

Gníomhaíocht 2

Faigh cúig leathanach smeach-chairte. Scríobh ábhar amháin i lár gach leathanaigh. I measc na n-ábhar bheadh b'fhéidir:
- Corpoideachas;
- Ceol;
- Ealaín;
- Tíreolaíocht;
- TFC;
- Eolaíocht; agus/nó
- Béarla/ Gaeilge/ Drámaíocht.

Eagraigh na daltaí i gcúig ghrúpa. Dáil ceann de na leathanaigh smeach-chairte agus roinnt marcóirí ar gach grúpa. Iarr orthu ransú smaointe a dhéanamh ar phoist a bhaineann leis an ábhar sin.

Mar shampla, i measc na bpost a bhaineann le Corpoideachas bheadh b'fhéidir:
- peileadóir proifisiúnta;
- traenálaí;
- fisiteiripeoir;
- iriseoir spóirt, agus/nó
- dearthóir bróg peile.

Iarr ar na grúpaí smaoineamh faoin oiread post agus a thig leo agus iad a liostú ar an leathanach smeach-chairte. I ndiaidh cúpla bomaite, rothlaigh na leathanaigh smeach-chairte agus iarr ar gach grúpa cur leis an liosta atá ginte cheana.

Athdhéan an ghníomhaíocht seo go dtí go bhfuil ransú smaointe déanta ag gach grúpa do gach ábhar.

Gníomhaíocht 3 – Deis Sínte

Iarr ar na daltaí smaoineamh faoi chaitheamh aimsire nó faoi shuim agus teacht aníos leis an oiread post agus a thig leo a bhaineann leis. Mol dóibh smaoineamh faoi thrí cheist a bhaineann le poist ina réimse suime.

Tabhair cuireadh do na daltaí suas le deich bpost a liostú ar chuala siad fúthu. Mol dóibh smaoineamh faoi na hábhair agus/nó réimsí foghlama atá tábhachtach sna poist seo. Más féidir, cuir am ar fáil do na daltaí roinnt taighde a dhéanamh ar na poist éagsúla.

Téama 3

Mise, Mise, Mise

Déanann na daltaí measúnú ar a gcuid scileanna pearsanta agus sainaithníonn siad réimsí le haghaidh féinfheabhsaithe.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!

Ag measúnú do chuid foghlama féin

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Cártaí Scileanna agus Buanna Aonair* (Áis 2)
- *Measúnacht ar Scileanna agus ar Bhuanna Aonair* (Áis 3)
- *Tú Féin Amháin* (Áis 4)
- Páipéar smeach-chairte
- Marcóirí daite

Gníomhaíocht 1

Cuir i gcuimhne do na daltaí go bhfuil cuid mhór scileanna agus tréithe atá tábhachtach san ionad oibre. Eagraigh an rang i ngrúpaí de thriúr daltaí. Tabhair foireann de na *Cártaí Scileanna agus Buanna Aonair* do gach grúpa. Iarr orthu na trí chárta a roghnú a chreideann siad a bheith ar na cinn is tábhachtaí san ionad oibre. Ansin, iarr ar na grúpaí deich bpost a liostú agus smaoineamh faoin dóigh a mbeadh a dtrí chárta roghnaithe ábhartha do gach post. Cuir cuireadh ar thuairisceoir ó gach grúpa smaointe a ngrúpa a chur i láthair don rang. Liostaigh na trí bharrscil agus na trí bharrthréith a roghnaíonn gach grúpa. Aontaigh na cúig bharrscil agus na cúig bharrthréith mar rang. Taispeáin iad seo sa seomra ranga.

Gníomhaíocht 2

Tabhair cóip den áis *Measúnacht ar Scileanna agus ar Bhuanna Aonair* do gach dalta. Iarr orthu na cúig bharrscil agus na cúig bharrthréith infhostaitheachta a roghnaigh an rang a chur sa chéad cholún. Tabhair cuireadh do na daltaí scáthlíniú thar an réimse scile le léiriú cé chomh maith a chreideann siad a d'fhorbair siad gach scil. Ag deireadh na gníomhaíochta, iarr ar na daltaí machnamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- An bhfuil na scileanna agus na tréithe seo tábhachtach i ngach cineál poist?
- Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach na scileanna atá agam a fhorbairt?
- Cad iad na scileanna agus na tréithe a chaithfidh mé a fhorbairt níos mó?

Gníomhaíocht 3 – Deis Sínte

Mínigh do na daltaí gur mó iad ná a fheictear. Taispeáin na ráitis seo a leanas ar an chlár nó ar smeach-chairt:

- Is mó i bhfad tú ná a fheictear.
- Is tú do chaitheamh aimsire agus do shuimeanna.
- Is tú do chuid scileanna agus tréithe.
- Is tú do do chuid luachanna.
- Is tú do chuid gnóthachtálacha.
- Is tú do chuid spriocanna.
- Is tú do chuid láidreachtaí.

Cuir cúig bhileog páipéir smeach-chairte thart ar an seomra, le ceann de na ceannteidil seo a leanas ar gach ceann:

- Caitheamh aimsire agus suimeanna;
- Scileanna agus tréithe;
- Luachanna;
- Gnóthachtálacha/buanna; agus
- Spriocanna.

Roinn an rang i gcúig ghrúpa. Cuir cuireadh ar gach grúpa seasamh in aice le ceann de na bileoga páipéir. Ansin, tabhair marcóir daite difriúil do gach grúpa agus tabhair trí nó ceithre nóiméad dóibh le ransú smaointe a dhéanamh ar an oiread smaointe faoina dteideal agus a thig leo. Nuair a bhíonn an t-am caite, iarr ar na grúpaí rothlú chuig bileog eile agus aon eolas breise a chur leis. B'fhéidir go mbeadh sé riachtanach na ceannteidil a phlé roimh ré le cinntiú go dtuigeann na daltaí cad é a chiallaíonn siad.

Tabhair cóip den áis *Tú Féin Amháin* do gach dalta. Iarr orthu é a chomhlánú, ag úsáid an eolais ar na leathanaigh smeach-chairte le cuidiú leo. Cuideoidh an áis Measúnacht Aonair a comhlánaíodh sa ghníomhaíocht roimhe seo leo fosta. Taispeáin na bileoga *Tú Féin Amháin* comhlánaithe sa seomra ranga.

Téama 4

Foghlaim – Próiseas Fad Saoil

Fiosraíonn na daltaí an tábhacht atá le foghlaim fad saoil agus an fáth a bhfuil sé riachtanach i bpleanáil gairmeacha.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!

Ag soláthar am smaoinimh
Ag giniúint cheisteanna na ndaltaí

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- Páipéar smeach-chairte
- Marcóirí daite

Gníomhaíocht 1

Ullmhaigh cúig bhileog páipéir smeach-chairte don ghníomhaíocht trí bhís a tharraingt ar gach leathanach. Eagraigh na daltaí i gcúig ghrúpa. Dáil marcóirí daite agus ceann de na leathanaigh smeach-chairte ar gach grúpa. Tabhair cuireadh do gach dalta spás a roghnú ar an bhís agus a gcuid smaointe faoi a thaifeadadh:

- **nuair a fhoghlaimíonn siad**
  B'fhéidir go gcuimseodh na freagraí:
  - mar bhabaí;
  - mar pháiste;
  - mar dhuine óg; agus nó
  - mar dhuine fásta.
- **san áit a bhfoghlaimíonn siad**
  B'fhéidir go gcuimseodh na freagraí:
  - sa bhaile;
  - ar scoil; agus/nó
  - sa phobal.
- **an dóigh a bhfoghlaimíonn siad i slite éagsúla**
  B'fhéidir go gcuimseodh na freagraí:
  - ag déanamh;
  - ag léamh;
  - ag feiceáil; agus/nó
  - ag cluinstin.

Tabhair am do na grúpaí a gcuid smaointe a phlé agus a gcomhshaothar a leasú nó a fhorbairt a thuilleadh. Cuir cuireadh ar thuairisceoir ó gach grúpa a mbís a chur i láthair don chuid eile den rang. Mar rang, pléigh an dóigh a dtarlaíonn foghlaim i dtimpeallachtaí éagsúla, ag amanna éagsúla agus i slite éagsúla.

Cuir ceist ar na daltaí ar chuala siad duine ar bith ag úsáid na n-abairtí seo a leanas nó abairtí cosúil leo:

- Is mór an trua nár fhan mé ar scoil; agus/nó
- Is oth liom nach ndearna mé staidéar/oiliúint le bheith i mo...

Má chuala, iarr orthu machnamh faoi cad chuige a mbeadh daoine ag mothú mar sin. Taifead a gcuid freagairtí ar an chlár nó ar smeach-chairt.

Gníomhaíocht 2

Ansin, roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar daltaí. Cuir in iúl don rang go bhfuil siad ag dul a úsáid cur chuige Smaoinigh-Péireáil-Roinn le ceistneoir a dhearadh. Úsáidfear an ceistneoir le fáil amach faoi fhoghlaim duine. Mar rang, pléigh cad é a dhéanann ceist mhaith. Gin critéir ratha do cheistiú éifeachtach, mar shampla:

- neamhiata/cothaíonn sé caidreamh sínte;
- ní threoraíonn sé an freagróir;
- tá cuspóir soiléir ann;
- cuirfidh sé an t-eolas atá de dhíth ar fáil; agus/nó
- ligeann sé don agallóir breithiúnas cothrom a thabhairt faoin cheist.

Sainaithin an buneolas atá na daltaí ag iarraidh a fháil amach. Tá ceisteanna samplacha liostaithe thíos:

- Cé chomh tábhachtach is atá an fhoghlaim duit?
- Ar fhoghlaim tú riamh rud éigin i bpost amháin a thiocfadh leat a úsáid i bpost eile?
- Cad iad na cúrsaí/an traenáil a rinne tú ó d'fhág tú an scoil?
- An bhfuil aon rud ann ba mhaith leat a fhoghlaim go fóill?

Iarr ar na daltaí smaoineamh faoi thrí cheist a chuirfeadh siad ar dhuine le léargas a fháil isteach i bhfoghlaim duine. Iarr orthu dul ina mbeirteanna. Tabhair cuireadh do na beirteanna trí cheist a roinnt lena chéile. Ansin, iarr orthu aontú ar na trí cheist is tábhachtaí. Iarr ar na beirteanna dul isteach le beirt eile le grúpa de cheathrar a dhéanamh. Cuir cuireadh ar gach grúpa ceistneoir a dhearadh ag úsáid na sé cheist a roghnaíodh. Tabhair cuireadh do na daltaí an suirbhé a chomhlánú le duine éigin a bhfuil post aige/aici mar shampla tuismitheoir, duine muinteartha, múinteoir, iardhalta nó úinéir gnó. Is féidir an ceistneoir a úsáid fosta le haoichainteoir nó i gcás rólghlactha.

Téama 5

Na Chéad Chéimeanna – Próifíl Phearsanta

Forbraíonn na daltaí a bpróifíl phearsanta mar réamhléiriú ar féinmhonatóireacht.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Mo Phróifíl Phearsanta* (Áis 5)

Gníomhaíocht 1

Tabhair cóip den áis *Mo Phróifíl Phearsanta* do gach dalta. Iarr orthu amharc ar a gcuid foghlama le linn an aonaid seo lena chomhlánú. Feidhmíonn an áis seo mar Thaifead Athmhachnaimh an Dalta taobh istigh den aonad seo.

B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach aiseolas a thaifeadadh ó dhaltaí aonair ina gComhad Dul Chun Cinn.



An mBaineann Gairm Fad do Shaoil? Cás-staidéir

An tUasal Mac Bionaid – An múinteoir

Múineann an tUasal Mac Bionaid ceol i meánscoil. Bhí sé ag obair mar mhúinteoir le deich mbliana agus is maith leis an post. Ceolann sé i mbanna, chomh maith, ina am saor.

Is minic a smaoiníonn an tUasal Mac Bionaid faoi imeacht ón teagasc agus iarracht a dhéanamh bheith mór i dtionscal an cheoil. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann lena ghairm a athrú?

Seona Ní Earchaí – An t-aisteoir

Is aisteoir amaitéarach í Seona. Faoi láthair oibríonn sí san amharclann áitiúil mar aisteoir agus cúntóir léirithe. Dúradh léi go raibh tallann aici ach rinne sí trialacha aisteora do phríompháirteanna ach níor éirigh léi.

Tairgeadh post mar bhainisteoir di in amharclann níos mó ach bheadh uirthi éirí as a hiarrachtaí leanúint lena gairm mar aisteoir. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann lena gairm a athrú?

Pól Ó Ceallaigh

D'oibrigh Pól mar thógálaí le 15 bliana. Bhí sé féinfhostaithe le deich mbliana. Is maith leis obair taobh amuigh agus bíonn bród air as a shaothar. Tá dúil mhór aige i leoraithe agus tá ceadúnas tiomána leoraí aige.

Tairgeadh post do Phól le comhlacht ciantarlaithe ar bhonn lánaimseartha. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann lena ghairm a athrú?

Máiréad Ní Raghallaigh

D'oibrigh Máiréad mar fheighlí páistí ina teach le hocht mbliana. Tá a cuid páistí féin ag an mheánscoil.

Shíl Máiréad i gcónaí go mbeadh sí go maith mar bhanaltra. Tá sí ag smaoineamh ar éirí as an fheighlíocht páistí agus traenáil mar bhanaltra. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann lena gairm a athrú?

Cártaí Scileanna agus Buanna Aonair (1 as 2)

Cumarsáid a dhéanamh	Solúbtha
TFC a úsáid	Fadhbanna a réiteach agus cinní a dhéanamh
Pleanáil agus eagrú	Seiftiúil
Poncúil	Éifeachtúil

Cártaí Scileanna agus Buanna Aonair (2 as 2)

Mata a úsáid	Dearfach
Eolach ar chomhdheiseanna	Freagrach

Measúnacht ar Scileanna agus ar Bhuanna Aonair

Cuir isteach na cúig scil agus bhua infhostaitheachta is tábhachtaí sa chéad cholún de réir mar a d'aontaigh an rang. Scáthaigh trasna an scilachair le measúnú a dhéanamh ar chomh maith a d'fhorbair tú an scil nó an bua sin. Ba chóir go mbeifeá ábalta do luacháil a chosaint.

Ainm _____ Dáta _____

Na cúig scil/ bhua is tábhachtaí	Forbairt de dhíth	Meánach	Forbartha
1			
2			
3			
4			
5			

An rud a chaithfidh mé a fheabhsú	An dóigh a dtig liom é a fheabhsú

Áis 4

Tú Féin Amháin



Áis 5

Mo Phróifíl Phearsanta

Trí scil/bhua a d'fhorbair mé:

1. _____
2. _____
3. _____

Rud amháin ba mhaith liom a fhorbairt a thuilleadh:

1. _____

Eolas pearsanta:

Achair spéiseanna:

Scileanna/buanna:

Achair feabhsaithe:

Plean gníomhaíochta:

Sínithe: _____

Múinteoir: _____

Tuismitheoir: _____

Suímh Idirlín Úsáideacha

Le teacht ar an ábhar tacaíochta is úire
don Oideachas don Infhostaitheacht, logáil
ar **www.ccea.org.uk/employability**

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning